Nuachtlitir an Ghaelcholáiste

Bealtaine '18

Múinteoir i bhFeighil

Ceapadh Niamh Ní Dhrisceoil, ball den fhoireann le 10 mbliana, mar Mhúinteoir i bhFeighil an Ghaelcholáiste i Mí Eanáir. Is múinteoir Eolaíochta & Ceimice í agus is as Gaeltacht Oiléan Chléire in Iarthar Chorcaí í ó dhúchas. Guimid gach rath uirthi ina post nua.

Ciara Ní Aodha

Bhí comórtas scoile á rith ag Bus Éireann le déanaí agus roghnaíodh Ciara Ní Aodha, 6ú bliain, mar aghaidh an chomórtas. Is í Ciara captaen foireann Mhionúr Peil na mBan Chorcaí. Tá sí le feiscint anseo le Sinéad Ní Mhurchú agus Lucy Forde.
Maith thú a Chiara.

Tréaslaímid le Ciara Ni Icí (6ú bl) a bhí ainmnithe mar Cork City Sports Person of the Month (Lúthcleasaí Na Míosa Cathair Chorcaí) do Mhí Feabhra. Tháinig sí sa dara háit i gCraobh Cheannais na hÉireann Shinsearach. Chomh maith leis sin, bhuaigh sí Craobh na Mumhan agus Craobh na hÉireann faoi 19 agus bhris sí an churiarracht san dá chomórtas. Cé go raibh gleacaíocht á dhéanamh ag Ciara leis na blianta, níor thosaigh sí ag traenáil sa léim chuaille ach dhá bhliain ó shin agus tá éacht déanta aici sa spórt ó shin. Maith thú a Chiara.

Field of Dreams

Thug Rang Íde (3ú) cuireadh do lucht 'Field of Dreams' go Gaelcholáiste Choilm le déanaí. Le cúpla seachtain anuas, agus faoi stiúir a múinteoir, Iníon Ní Dhomhnaill, d'eagraigh siad cúpla imeacht éagsúil (m.sh. lá spóirt agus cogadh uisce in aghaidh na múinteoirí bochta!) chun airgead a bhailiú ar son 'Field of Dreams'. Bhronnadar seic €320 ar 'Field of Dreams Cork' maidin Dé Luain agus bhí maidin álainn againn ag caint leis an bhfoireann ar fad a thug cuairt orainn. Maith sibh Rang Íde agus Iníon Ní Dhomhnaill, rinne sibh jab iontach ar fad.